



COLÁISTE NA TRÍONÓIDE
BAILE ÁTHA CLIATH
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2005 - 06





Seo a leanas na Baill a bhí ar Bhord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath le linn na bliana acadúla 2005/06:

Baill Ex-Officio

Propast, An Dr John Hegarty (Cathaoirleach)
Leas-Phropast, An tOllamh Ruth Byrne
Léachtóir Sinsearach, An tOllamh Colm Kearney
Cláráitheoir, An tOllamh David Dickson
Sparánaí, An tOllamh Clive Williams

Comhaltáí Tofa agus Comhollaimh

An tOllamh Nigel Biggar (2005-2010)
An tOllamh Werner Blau (2005-2008)
An tOllamh John Kelly (2005-2008)
An tOllamh Marina Lynch (2005-2010)
An Dr Eoin O'Dell* (2005-2010)
An tOllamh Eunan O'Halpin (2005-2008)
An tOllamh John Parnell (2005-2008)
An Dr Amanda Piesse (2005-2010)

Foireann Acadúil Tofa nach Comhaltáí iad

An Dr Andrew Butterfield (2005-2008)
Mary Coffey Uasal (2005-2008)
An Dr Alison Donnelly (2005-2010)
An Dr Eoin Mac Cárthaigh (2005-2010)
An Dr Donal O'Donovan (2005-2008)

Foireann Neamhadúil Tofa

An tUasal Henry Kearns (2005-2010)
Mary Leahy Uasal (2005-2008)
An Dr Kieran J McGinley (2005-2008)

Ionadaithe na Mac Léinn

Uachtarán ar Aontas na Mac Léinn (Céimithe), An tUasal Ryan Sheridan (2004-2006)
Uachtarán ar Aontas na Mac Léinn, An tUasal John Mannion (2005-2006)
Oifigeach Oideachais Aontas na Mac Léinn, An tUasal Donal McCormack (2005-2006)
Oifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn, Stephanie O'Brien Uasal (2005-2006)

Baill Sheachtracha

An tUasal Brian Sweeney, ainmnithe ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (2005-2008)
Geraldine Clarke Uasal, ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta (2005-2008)

Ag Freastal Ex-Officio

Rúnaí, An tUasal Michael Gleeson
Cisteoir, Grace Dempsey Uasal
Rúnaí Cúnta, Anne FitzGerald Uasal

* Éirithe as le linn 2005-2006 agus tháinig An tOllamh Jagdish Vij i gcomharba air i mí Bealtaine 2006.





CLÁR NA nÁBHAR

Leathanaigh

Brollach – Focal ón bPropast	1
Gníomhaíochtaí an Choláiste	
1 Réamhrá	2
2 Tuairisc Chun Dáta maidir leis an bPlean Straitéiseach	2
3 Forbairtí Acadúla	
Athstruchtúrú Acadúil	2
Samhail Leithdháiliúcháin Acmhainní	
Acadúil- bhunaithe	2
Leasú Riaracháin	2
Ciste don Nuálaíocht Straitéiseach	3
Rátálacha Ollscoileanna an Domhain - THES	
An Institiúid Náisiúnta um Míchumas Intleachtúil	3
4 Cúrsaí Acadúla	
Na Mic Léinn	3
Staitisticí maidir le hIontrálacha/	
Taispeántóirí Iontrálacha	3
Scoláireachtaí	4
An Curaclam – Cúrsaí Nua	4
Bronnadh na gCéimeanna, Céad Onóracha	
agus Boinn Óir	4
Clár Rochtana Choláiste na Tríonóide	5
Gradaim Teagaisc an Phropaist	7
Ceapacháin Acadúla	7
5 Cáilíocht	
Athbheithnithe ar Ranna Acadúla	7
Athbheithnithe ar Ranna Seirbhíse	7
6 Gníomhaíochtaí Taighde	
Téamaí Taighde	7
Maoiniú don Taighde	8
Tionscnaimh Taighde Nua	8
Náisc Taighde le hInstitiúidí Eile	8
Rath ar Thaighdeoirí Choláiste na Tríonóide maidir	
le Scoláireachtaí agus Gradaim	9
7 Comhoibriú i réimsí na Nuálaíochta agus	
na Tionsclaíochta	
Maoin Intleachtúil	10
Comhoibriú idir an Ollscoile agus Tionscail	10
Cuideachtaí an Champais	10
Fiontraíocht agus Nuálaíocht	10
8 Clár um Fhorbairt Caipitil	
Tionscadail i gCrích	10
Tionscadail Tógála idir Lámha	12
Tionscadail Tógála atá Beartaithe	12
9 Airgead a Bhailiú	13
10 Cúrsaí Airgeadais	13
11 Conclúid	15
Aguisín I	
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, don bhliain	
dar críoch 30 Meán Fómhair 2006	15



Brollach

Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo achoimre ar fhorbairtí a tharla i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, le linn na bliana acadúla 2005/06.

Tá cáil idirnáisiúnta ar Choláiste na Tríonóide mar an ollscoil is fearr in Éirinn, agus tá sé mar aidhm againn tógáil ar an dea-cháil sin chun go mbeadh áit againn i measc na 50 ollscoil is fearr ar domhan.

De réir an fhoilseacháin Tuairisc Chun Dáta ar an bPlean Straitéiseach, 2006 tógann ár dtosaíochtaí straitéiseacha ar na láidreachtaí atá againn cheana féin sa taighde agus san oideachas ag an tríú agus ag an gceathrú leibhéal agus tá siad ag teacht leis na spriocanna náisiúnta a bhaineann le fuinneamh sóisialta agus eacnamaíochta a bhaint amach. Is léiriú an Tuairisc Chun Dáta ar an bPlean Straitéiseach ar na hathruithe laistigh den Choláiste a d'eascair as an athstruchtúrú leanúnach atá á dhéanamh ar réimsí acadúla, riaracháin agus tacaíochta, chomh maith le hathruithe suntasacha sa timpeallacht sheachtrach.

Díreach mar atá leis na hollscoileanna eile in Éirinn, tá deacrachtaí maoiniúcháin a gcaithfidh an Coláiste aghaidh a thabhairt orthu. Tá leibhéal an mhaoiniúcháin foiblí atá ar fáil le haghaidh ardoideachais sa tír seo íseal, tríd is tríd, i gcomparáid leis na noirm idirnáisiúnta, agus is dúshlán i gcónaí é taighde, teagasc agus tacaí bonneagair a sholáthar don fhoireann agus do na mic léinn. Is ón deontas atréimhseach ón Rialtas a fhaigheann an Tríonóid a lárdeontas, agus tá sé seo laghdaithe go suntasach go praiticiúil le deich mbliana anuas. Déantar breac-chur síos ar an tsaincheist seo i gCuid 10 den Tuarascáil Bhliantúil seo, agus is saincheist í a gcaithfear dul i ngleic léi.

Cibé scéal é, ní cóir go gcaithfeadh na deacrachtaí maoiniúcháin seo scáth ar na gnéithe dearfacha iomadúla atá ann. Tá dea-cháil thar na bearta ar an Tríonóid ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Is táscairí maithe iad cáilíocht agus feidhmíocht ár mac léinn agus ár bhfoirne don fhuinneamh acadúil leanúnach agus do láidreacht an Choláiste. Roghnaíonn formhór na mac léinn ardhnóthachála ón dara leibhéal an Coláiste.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill foirne uile – idir acadúil, riaracháin agus thacaíochta - as a ndíograis le linn na bliana, bhí ról riachtanach acu sa rath a bhí ar an gColáiste. Tá buíochas ag dul freisin don Taoiseach, don Aire Oideachais agus Eolaíochta, don Údarás um Ard-Oideachas, d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, don Bhord Taighde Sláinte, do Chomhairle Taighde na hÉireann um na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta, agus don iliomad gníomhaireachtaí taighde eile a thacaigh leis an Tríonóid. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mBord agus le Feidhmeannas Fhondúireacht na Tríonóide.

John Hegarty

John Hegarty,
Propast.





GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE



1. Réamhrá

Chonacthas an iliomad forbairtí tábhachta sa Choláiste sa bhliain acadúil 2005/2006:

- Foilsíodh *Tuairisc Chun Dáta ar an bPlean Straitéiseach, 2006*, athbhreithniú meántéarmach ar *Phlean Straitéiseach 2003-2008*
- Cuireadh struchtúr acadúil nua i bhfeidhm agus rinneadh forbairt air maille le dul chun cinn ar an leasú riaracháin
- Bhí an Coláiste ar an aon ollscoil sa Stát ar a bhí ar an liosta de na 120 ollscoil is fearr ar fud an domhain agus i measc na 50 ollscoil Eorpach is fearr i bhForlónadh Oideachais an *Times Higher Education Supplement* i rátálacha ollscoileanna an domhain
- Lean baill foirne na Tríonóide ag baint amach barr feabhais i gcúrsaí taighde mar ar bronnadh gradaim orthu ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Shroich ioncam agus tacaíocht do gach gníomhaíocht taighde €58 milliún
- Lean an Coláiste ag mealladh na mac léinn a bhain amach na marcanna is fearr san Ardeistiméireacht agus i scrúduithe comhionanna
- Ceapadh dhá ollamh déag, agus b'ollúnachtaí nua trí cinn de na hollúnachtaí
- Bronnadh céim ar 4,036 mac léinn.

2. Tuairisc Chun Dáta ar an bPlean Straitéiseach

Foilsíodh *Tuairisc Chun Dáta ar an bPlean Straitéiseach*, athbhreithniú meántéarmach ar *Phlean Straitéiseach 2003-2008*, sa bhliain 2006. Baineadh amach roinnt mhaith de na bearta a leagadh amach sa phlean agus déanann an leagan chun dáta athnuachan ar straitéisí an Choláiste maidir le taighde, le hoideachas na gcéimíthe, le hoideachas fochéime agus cion an Choláiste ar son na sochaí. Chomh maith leis sin, tugann sé chun míneadais na straitéisí le haghaidh acmhainní daonna, acmhainní bonneagair agus acmhainní rialachais agus maoirseachta.

I measc na mbeart is tábhachtaí a ainmníodh sa *Tuairisc Chun Dáta* ar an bPlean Straitéiseach tá siad seo a leanas:

Earcú ar cheannairí den scoth sa taighde agus san oideachas – déanfar tuairim is 225 ball foirne acadúil den chéad scoth a earcú sa tréimhse cúig bliana amach romhainn chun tacú leis an méadú 1,000 ar líon na n-iarchéimíthe.

Cuirfear leis an soláthar oideachais iarchéime ach méadú ar líon na n-iarchéimíthe fad is a chothófar caighdeán ard na gcúrsaí céime, agus déanfar é a chur chun cinn trí mheán na forbartha ar na cláir chomhtháite PhD laistigh de na braislí iarchéimíthe.

Déanfar athbheochan ar an soláthar oideachais fochéime ach leathnú amach a dhéanamh ar an gcuraclam, tógáil ar thionscnaimh sa chleachtas acadúil agus ar chórais tacaíochta foghlama

do mhic léinn, agus tacú le tionscnaimh atá ann cheana féin chun feabhas a chur ar rochtain, ar chuimsitheacht agus ar éagsúlacht.

Déanfar comhdhlúthú ar an athstruchtúrú acadúil is déanaí ach athmhúnlú a dhéanamh ar réimsí riaracháin agus tacaíochta agus trí chur i bhfeidhm na ríomhstraitéise agus na dtionscnaimh faisnéise atá bainteach leo.

Leanfar leis an Leathnú Bonneagair ach infheistiú i láráiseanna mac léinn agus taighde. Déanfaidh an dul chun cinn i gcúrsaí leabharlainne agus saotharlainne soláthar don méadú ar líon na n-iarchéimíthe agus na foirne. Mar chuid den iarracht sin cuirfear spás breise agus acmhainní breise ar fáil sna leabharlanna agus sna saotharlanna.

3. Forbairtí Acadúla

3.1. Athstruchtúrú Acadúil

Ag tógáil ar na forbairtí a bhain leis an struchtúr acadúil nua tar éis an 'Chláir Oibre um Athrú' sa bhliain acadúil roimh ré, chuir Coláiste na Tríonóide tús le clár athstruchtúrúcháin le linn 2005/06. Faoi dheireadh mhí Iúil 2006, athraíodh an iarstruchtúr acadúil a bhíodh ann – ina raibh 64 roinn ar leith agus iadsan grúpáilte ina 6 dhámh, agus ina n-ionad tháinig 21 Scoil, le dhá Leas-Dhéanacht agus Scoil Éacúiméinice na hÉireann. Tá dúshlán ar leith ag baint leis an struchtúr cothrom seo, ina bhfuil 24 aonad acadúil, ó thaobh cúrsaí rialachais de, agus cheadaigh an Bord, i mí Iúil 2006, i bprionsabal, go gcuirfí ar bun trí cinn de 'bhraislí' Scoileanna. Bunaíodh grúpa oibre de chuid Bhord an Choláiste chun iniúchadh a dhéanamh ar an rogha seo d'fhonn moladh a chur faoi bhráid an Bhoird ag deireadh Théarma na Féile Mhicíl 2006.

3.2. Samhail Leithdháiliúcháin Acmhainní Acadúil-bhunaithe

Rinne Coláiste na Tríonóide samhail leithdháiliúcháin acmhainní acadúil-bhunaithe (SLAAB) a cheapadh agus a chur i bhfeidhm sna tréimhsí 2004/05 agus 2005/06. Tá sé beartaithe go gcuirfear SLAAB i bhfeidhm laistigh de thréimhse ceithre bliana. Cé go nglactar leis go coitianta go gcuireann SLAAB níos mó trédhearcachta agus níos mó cuntasachta ar fáil ar fud an Choláiste, tá roinnt innn ann go bhfuil an fráma ama dá chur i bhfeidhm ró-uailmhianach, agus dá bhrí sin tá gá athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfráma ama sin. Táthar i mbun athbhreithniú iomlánaíoch agus oiriúnú a dhéanamh ar an tsamhail ar bhonn leanúnach.

3.3. Leasú Riaracháin

Le linn 2005/06 rinne dhá Thascfhórsa éagsúla breithniú ar an leasú riaracháin: Thuairiscigh Tascfhórsa 1, a bhí i mbun nithe a bhain le suíomh, le luach ar airgead agus le struchtúr nua le haghaidh seirbhísí riaracháin agus tacaíochta na Tríonóide, don Bhord i mí Iúil 2006. Mhol an Tascfhórsa, i measc nithe eile, nach mór na 24 aonad a ghrúpáil i dtrí bhraisle, d'fhonn an luach is fearr agus an tsábháil airgid is fearr a bhaint amach a bheadh mar bhonn is mar thaca don ghníomhaíocht acadúil. Táthar ag breithniú na rogha seo i láthair na huair mar chuid de shainchúram an ghrúpa oibre um athstruchtúrú. Chuir an dara Tascfhórsa, a bhfuil baint aige le líon agus le ról na nOifigeach Acadúil agus le rialachas lárnach an Choláiste, a ghníomhaíocht ar fionraí go dtí go nglacfar cinneadh maidir leis an struchtúr eagrúcháin agus acadúil deiridh.





3.4 Ciste don Nuálaíocht Straitéiseach

I mí Iúil 2006, d'eisigh An tÚdaráis um Ard-Oideachas glao ar thograí le haghaidh maoiníocháin faoin gCiste Nuálaíochta Straitéisí (CNS), arna bhunú ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta. Ba é seo an chéad ghlaó ar thograí agus cuireadh €42 milliún ar fáil le go leithdháilfí é.

Seo a leanas na príomhchuspóirí ag CNS:

- feabhas a chur ar sholáthar na ngníomhaíochtaí lánacha oideachais agus taighde, ach comhoibriú éifeachtach cruthaitheach institiúideach agus idir-institiúideach a bheith ann lena n-áireofaí, de réir mar is gá, iarrachtaí cuí le hathstruchtúró inmheánach agus cuíchóiriú a dhéanamh
- tacú le bearta cumasúcháin chun ullmhú le go leathnófaí amach agus go bhforbrófaí oideachas iarchéime (lena n-áirítear leathnú agus forbairt ar scoileanna na gcéimthe), comhoibriú in-institiúide agus idir-institiúide araon san áireamh
- tacú le nuálaíocht agus le feabhsú caighdeán sa teagasc agus san fhoghlaim, lena n-áirítear modhanna feabhsaithe teagaisc, athstruchtúró ar chlár, modúlú agus ríomhfhoghlaim
- tacú le rochtain, coinneáil agus dul ar aghaidh ag leibhéal na hinstiúide agus ag an leibhéal idir-institiúide araon, trí mheán an chomhoibríthe idir-institiúidigh, earnálaigh agus idir-earnálaigh.

D'oibrigh an Tríonóid le hOllscoil na hÉireann Gaillimh agus le Coláiste na hOllscoile Corcaigh ar an gcéad chéim de CNS. Seo a leanas na tionscadail sin: (i) bainistíocht athruithe/athstruchtúrócháin, (ii) oideachas céime/4ú Leibhéal agus (iii) teagasc agus foghlaim. Ghlac gach ollscoil ceannaireacht i leith ceann amháin de na tionscadail agus bhí an-rath ar na trí thionscadal

3.5 Rátálacha Ollscoileanna an Domhain Times Higher Education Supplement (THES)

Bá é Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an t-aon ollscoil sa Stát a bhí i measc na 120 ollscoil is fearr ar domhan agus i measc na 50 ollscoil Eorpach is fearr i rátáil ollscoileanna an domhain i bhForlíonadh Oideachais an THES.

I rátálacha THES déantar liostáil ar na 200 ollscoil is fearr agus é seo measta bunaithe ar athbhreithniú i measc a bpiaraí, an líon comhlua in aghaidh an bhaill dáimhe, an cóimheas mic léinn le foireann agus líon na mac léinn agus na mball foirne eachtrach. Ba í an Tríonóid an t-aon ollscoil in Éirinn a bhí i measc na 100 institiúid eolaíochta, innealtóireachta agus teicneolaíochta faisnéise ar domhan de chuid THES. Rinne a piaraí idirnáisiúnta í a rangú san 88ú háit ar domhan agus rinne fostóirí idirnáisiúnta í a rangú sa 76ú háit ar domhan. Is mór an t-éacht é seo sa mhéid gur ollscoil i dtír bheag í, agus go bhfuil sí san iomaíocht le hollscoileanna atá i bhfad níos mó agus ag a bhfuil acmhainní i bhfad níos fearr.

3.6 An Institiúid Náisiúnta um Míchumas Intleachtúil (INMI)

Sheol an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin, TD, an Institiúid Náisiúnta um Míchumas Intleachtúil go hoifigiúil i

mí Bealtaine 2006. Cuireann an Institiúid seo cúrsa lánaimseartha ollscoile ar fáil in Éirinn do dhaoine atá faoi míchumas intleachtúil, agus an aidhm atá ag an INMI ná a fháil amach, trí mheán an oideachais agus an taighde céard iad na saincheist-eanna lánacha a théann i gcion ar shaol daoine atá faoi mhíchumas intleachtúil agus a chinntiú go gcuirtear iad san áireamh go hiomlán laistigh den Choláiste agus lasmuigh de. Chomh maith leis sin, bhuaigh an INMI Comhaltacht Eorpach Choimisiún Marie Curie le haghaidh dhá mhórtionscadal chun an Institiúid a fhorbairt mar láirionad feabhais i réimse an taighde ar chuimsitheacht.

4. Cúrsaí Acadúla

4.1 Na Mic Léinn

Is grúpa ilghnéitheach iad mic léinn an Choláiste, go náisiúnta, go sóisialta agus ó thaobh aoise de. Tá mic léinn as gach contae in Éirinn agus as breis is 80 tír ar domhan ag freastal ar an gColáiste. San iomlán, bhí 15,322 mac léinn cláraithe sa bhliain 2005/06. As na mic léinn sin, tháinig 7% as tíortha an AE seachas Éire, ba as Tuaisceart Éirinn do 3% díobh, ba as Meiriceá Láir 3% díobh, agus tháinig an 3% eile ó áiteanna eile ar domhan.

Chomhlíon an Coláiste a pholasaí 15% dá chuoíta na Lároifige Iontrála a chur ar leataobh do mhic léinn neamhthraidisiúnta – lena n-áirítear daoine ó chúla socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste, daoine faoi mhíchumas agus mic léinn lánfhásta - agus dá réir sin sa bhliain 2005, líonadh 15% de gach áit na Lároifige Iontrála le mic léinn neamhthraidisiúnta, agus suas le 11% sa bhliain 2004. As na mic léinn neamhthraidisiúnta a chláraigh sa bhliain 2005 ba mhic léinn lánfhásta iad seachtó haon faoin gcéad.



Mic Léinn ón INMI, Helen Donnelly agus Greg Rooney ag bualadh leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin TD ag seoladh oifigiúil na hInstitiúide Náisiúnta um Míchumas Intleachtúil

4.2 Staitisticí maidir le hIontrálacha/Taispeántóirí Iontrálacha

Mheall an Tríonóid sciar shubstainteach (12%) d'iarratais chéad rogha trí mheán chóras a Lároifige Iontrála sa bhliain 2005. Tá cumas mhic léinn na Tríonóide fós an-ard agus meallann an Coláiste fós an líon is mó mac léinn atá cumasach go hacadúil. Bronnadh 'Gradam Taispeántais Iontrála' ar 491 mac léinn céad bliana. I gcás na mac léinn sin bhí siad tar éis ar a laghad 545



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE



pointe a ghnóthú (níos mó ná 6 grád A2) san Ardeistiméireacht nó a chomhionann ag an dara leibhéal. Tháinig na mic léinn sin ó 256 scoil sna 32 contae in Éirinn chomh maith le scoileanna eile san AE. Bhain trí faoin gcéad de na 54,000 iarrthóir Lároifige Iontrála Ardeistiméireachta ar chúrsaí céime é sin amach: roghnaigh 26% den ghrúpa cumasach sin Coláiste na Tríonóide chun tabhairt faoina n-oidreachas tríú leibhéal.

4.3 Scoláireachtaí

Toghadh Seasca Cúig Scoláire sa bhliain 2006 sna dámha seo a leanas: Dámh na nEalaíon agus na nDaonnachtaí (8); Dámh na nEolaíochtaí Sóisialta agus Daonna (12); Dámh na hInnealtóireachta & na gCóras Eolaíochta (3); Dámh na nEolaíochtaí Sláinte (15); Dámh na hEolaíochta (16); agus cúrsa Ildhámhe (11).

4.4 An Curaclam - Cúrsaí Nua

Lean an Coláiste ag spreagadh agus ag tacú le cúrsaí nua a tógadh mórthimpeall na réimsí eolais agus ar riachtanais na mac léinn agus tugadh na cúrsaí iarchéime seo a leanas isteach sa tréimhse 2005/06:

Céimeanna

M.Phil i Stair Chomhaimseartha na hÉireann
M.Sc. in Innealtóireacht Mheicniúil (Erasmus Mundus)
M.Sc. i gCeimic Chliniciúil

Dioplóma

P.G.Dip./M.Sc. i Meabhairshláinte

Bronnadh an chéad chéim Mháistreachta san Athshlánú Cairdiaich a bronnadh riamh san Eoraip ar sheachtar i gColáiste na Tríonóide sa bhliain 2005.

Ceann de phríomhchuspóirí Phlean Straitéiseach an Choláiste ná cur i bhfeidhm ar pholasaí Leathan Curaclaim, a fhéachann le naoi shaintréith a leagan amach a bheadh inmhianaithe i mac léinn agus i gcéimí de chuid Choláiste na Tríonóide: fiosracht, cumas anailísithe, inoiriúnaitheacht, fairsinge léitheoireachta, freagracht eitice, dearcadh idirnáisiúnta, deaslabhairt, litearthacht agus uimhearthacht. Tá cur chun cinn na saintréithe sin mar bhonn is mar thaca le sraith tionscnamh atá níos nasctha anois ná riamh le curaclam an Choláiste. Chuir Atlantic Philanthropies maoiniú ar fáil do dhá cheann de na tionscnaimh seo, Cúrsaí Tras-Churaclaim (13 díobh a bhí ar fáil le linn na tréimhse 2005/06) agus Staidéireacht Teagaisc Iarchéime. Chuir ceithre chéad seasca mac léinn cúrsaí Leathan-Churaclaim i gcrích sa tréimhse 2005/06.

Leanadh leis an bpáirt a bhí á ghlacadh i bpróiseas Bologna. Rinneadh athdhírú ar an athbhreithniú leanúnach ar úsáid an Chórais Eorpaigh um Chnuasú agus Aistriú Creidmheasa CECAC i gClár Choláiste na Tríonóide le cinneadh a rinne Comhairle an Choláiste i mí an Mheithimh 2006 caighdeánú a dhéanamh ar ualú creidmheasa chomhchodanna/mhodúil mhúinte na gcúrsaí fochéime agus iarchéime uile in aonaid de 5 CECAC, nó iolraí de 5 CECAC, le héifeacht ón mbliain acadúil 2007/08.

Eisíodh Glao ar Thograí ag tabhairt cuireadh d'iarraitais ar mhaoiniú ó Scoileanna sa tréimhse 2005/06 faoi thrí cheannteideal leathana: an ghné Eorpach a dhaingniú in ardoideachas, soghluais-eacht na foirne agus na mac léinn, agus forbairtí atá dírithe ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chothú. Bhreithnigh Coiste an Déin iarraitais, agus leithdháileadh maoiniú dar luach €203,000 ar



Ag ceiliúradh gur bronnadh Scoláireacht orthu ar Luan na Tríonóide bhí Stephen Walsh, Cill Iníon Léinín, Ciara Murphy, Gaillimh agus Oisín Tobin, Rath Fearnáin



An Propast, An Dr John Hegarty ag déanamh comhghairdis le beirt a fuair Céim Oinigh - Charles Handy, Smaointeoir Bainistíochta (ar chlé) agus an Dr Jeffrey Sachs, Eacnamaí ó Columbia University agus Comhairleoir de chuid na Náisiún Aontaithe ag Lá Bronnta Céimeanna an tSamhraidh 2006

fhiche tionscadal san iomlán, go príomh i ranna acadúla, le haghaidh na bliana acadúla 2005/06.

4.5 Bronnadh Céimeanna, Céad Onóracha agus Boinn Óir

Reáchtáladh tríocha searmanas bronnta céimeanna le linn 2005 inar bronnadh 4,036 céim (2,767 bunchéim agus 1,269 ardcéim).

Fuair trí chéad daichead mac léinn céad onóracha (bunchéimeanna) sa bhliain 2005/06 agus bronnadh Bonn Óir ar 54 díobh siúd.

Reáchtáladh searmanas bronnta na gcéimeanna oinigh ag na searmanais Bronnta Céimeanna an 16 Nollaig 2005 agus an 7 Iúil 2006. Ar Lá Bronnta Céimeanna an Gheimhridh, bronnadh céim oinigh ar an Dr David Thomas, ar an Uasal Michael Adams, ar an Uasal Jostein Gaarder, ar na Ollamh Jane Roberts agus ar an Ollamh Wilson Sibbett. Seo a leanas na daoine ar bronnadh Céim Oinigh orthu ag Lá Bronnta Céimeanna an tSamhraidh: An Dr.





Jeffrey Sachs, An Breitheamh Maureen Harding Clark, An tUasal Paul Haran agus an tOllamh Gunnar Fant.

4.6 Cláir Rochtana na Tríonóide

Tá Clár Rochtana na Tríonóide (CRT) mar chuid de chion na Tríonóide chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais agus is léiriú é ar chur i bhfeidhm mhisean sóisialta an Choláiste. An phríomhaidhm atá leis ná an céatadán de mhic léinn ó ghrúpaí íseal-ioncain a théann ar aghaidh chuig an tríú leibhéal a mhéadú. Ní bheadh rath ar CRT ach an líonra atá ann de chomhpháirtíochtaí ardtáirgiúla scoileanna, coláistí breisoideachais, teaghlach, fhoireann na Tríonóide, gnóthaí, grúpaí pobail agus institiúidí Ardoideachais eile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Faigheann CRT maoiniú ón Udarás um Ard-Oideachas trí mheán an Chiste Tionscnamh Straitéisigh, ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus ó dhaoine aonair agus corparáidí a dheonaíonn airgead. Tacaíonn na cistí leis na tionscnaimh seo a leanas:

- Na Cláir Bunscoileanna agus Dara Leibhéal
- Cúrsaí Ullmhúcháin Réamh-ollscoile: Daoine Fásta Óga agus Mic Léinn Lánfhásta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Cúrsaí Comhpháirtíochta sna Saorealaíona: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Coláistí Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath (CDVEC)
- An Clár Dul Chun Cinn Iar-iontrála



Mic Léinn ag seoladh Scoil Samhraidh CRT i bPáirc an Choláiste, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

4.6.1 Cláir Bunoideachais agus Dara Leibhéal

Nascann na Cláir Bunscoileanna agus Dara Leibhéal Coláiste na Tríonóide le scoileanna nach bhfuil aon traidisiún acu dul ar aghaidh chuig an tríú leibhéal, nó gur beag an traidisiún más ann dó. Déantar nasc le 19 mbunscoil trí mheán an Chláir Bunscoileanna. Sa bhliain 2005/06 chuidigh CRT le 30 roinn Coláiste agus iad ag soláthar gníomhaíochtaí lena n-áirítear Clár um Thaiscéaladh Eolaíochta do dhaltaí rang a sé agus an clár 'Take the Lead' do dhaltaí rang a cúig. Nascann an Clár Dara Leibhéal Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath le 20 iar-bhunscoil i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus féachann sé le líon na ndaltaí a théann ar aghaidh chuig an tríú leibhéal a mhéadú, trí mheán raon tacaí for-rochtana. Ghlac meascán de 4,000 mac léinn, tuismitheoir agus múinteoir páirt i ngníomhaíochtaí ar an gcampas sna Cláir Bunscoileanna agus Dara Leibhéal sa bhliain 2005/06.

4.6.2 Bonnchúrsaí don Ardoideachas – Mic Léinn Lánfhásta

Seo bonnchúrsa a mhaireann ar feadh bliana, a fhéachann le gníomhú in aghaidh míbhuntáiste oideachasúil, agus chláraigh 23 mac léinn ar an gcúrsa sa tréimhse 2005/06. D'éirigh le seacht mac léinn déag an cúrsa seo a chur i gcrích ina iomláine agus bronnadh Teastas i mBonnleann an Ardoideachais orthu. Lean na mic léinn go léir seo ar aghaidh chun cúrsaí Céime a dhéanamh (12 go Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, beirt chuig Coláiste Phádraig, Droim Conrach, duine amháin go hOllscoil na hÉireann, Maigh Nuad, duine amháin go hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus duine go hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlaínséir).

4.6.3 Bonnchúrsa san Ardoideachas – Daoine Fásta Óga

Seo bonnchúrsa bliana a fhreastalaíonn ar dhaoine fásta óga (17-20 bliain d'aois) a bhfuil poitéinseal acadúil acu ach a bhfuil gá acu bliain bhreise oideachais a dhéanamh chun iad a ullmhú don tríú leibhéal. Cuireann na Mic Léinn seo isteach iarratas agus cáipéisí ag tacú leis an iarratas sin agus déantar iad a mheas d'fhonn a fháil amach cén leibhéal míbhuntáiste socheanamaíoch ag a bhfuil siad. Sa bhliain 2005/06 chláraigh fiche sé mac léinn ar an gcúrsa seo, agus d'éirigh le 23 díobh an cúrsa a chur i gcrích. D'imigh fiche haon díobh ar aghaidh chun tabhairt faoi chlár fochéime sa Tríonóid.

4.6.4 Bealach Rochtana trí mheán an Ardoideachais

Tá mic léinn ó scoileanna atá cleamhnaithe le haon cheann d'oifigí rochtana Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Luimnigh i dteideal cur isteach ar an mBealach Rochtana trí mheán an Ardoideachais. Díríonn an scéim orthu siúd, ar chúiseanna sóisialta agus eacnamaíochta éagsúla, atá faoi-ionadaithe ag an tríú leibhéal. Ní mór d'iarrthóirí na caighdeán acadúla fosta a bhaint amach le haghaidh iontrála sa Tríonóid. Cibé scéal é, tá an leibhéal iontrála dóibh seo (i.e. pointí Ardteistiméireachta) níos ísle ná an leibhéal iontrála acadúil iomaíoch.

Ghlac seachtó hocht mac léinn ar fud na nDámh uile áiteanna ar an mBealach Rochtana trí mheán an Ardoideachais sa bhliain 2005/2006.

4.6.5 Bonnchúrsa Comhpháirtíochta

Mar chuid d'iarrachtaí an Choláiste freastal ar an gcuóta 15% de mhic léinn neamhtraidisiúnta a bheith ar chlár fochéime, rinneadh socrú le coláistí Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath (CDVEC) chun forbairt agus comhsholáthar a dhéanamh ar Chúrsa Ullmhúcháin Choláiste Saorealaíon le go mbeadh rochtain ann ar raon cúrsaí fochéime i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath. D'éirigh leis na coláistí CDVEC, tacaíthe ag Coláiste na Tríonóide, idirbheartú le Comhairle na gCáiliúcháin Breisoideachais agus Oilíúna le go mbeadh creidiúnú ann laistigh den Chreatoibre Cáilíochtaí Náisiúnta. D'imigh trí mhac léinn déag ón scéim seo ar aghaidh chun cúrsaí fochéime a dhéanamh i gColáiste na Tríonóide sa bhliain 2005.

4.6.6 Clár Dul Chun Cinn Iar-iontrála

Cheap CRT raon tacaí iar-iontrála chun freastal ar riachtanais na





An tOllamh Ivana Bacik, An Scoil Dlí, Inmaculada Arnedillo-Sanchez Uasal, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Staitisticí, agus an Scoil Oideachais, An Dr Martin Henman, Scoil na Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Cógaseolaíochta agus Katrin Eberbach Uasal, Roinn na Léann Gearmánach, ar bronnadh Gradaim Teagaisc an Phropaist 2005/06 orthu agus iad in éineacht leis an Léachtóir Sinsearach, An tOllamh Colm Kearney (dara duine ó thaobh na láimhe clé)

mac léinn. Ina measc tá clár réamhollscoile dhá sheachtain, tacaíocht airgeadais agus phearsanta, teagasc breise, Ionad Acmhainne Scríbhneoireachta, Seomra Cúnaimh Matamaitice, agus Stiúideo (ionad acmhainne foghlama), scéim tacaíochta cóiríochta agus ceardlanna athbhreithniúcháin dheireadh an téarma. Oibríonn CRT go dlúth le seirbhísí tacaíochta eile sa Choláiste lena n-áirítear an Leabharlann, Comhairleoireacht do Mhic Léinn, an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais, Seirbhís Sláinte, Cóiríocht agus Seirbhís Ranganna Teagaisc chun a chinntiú go bhfuil an t-aistriú chuig an tríd leibhéal chomh mín réidh agus is féidir agus chun cuidiú le mic léinn CRT na clár chéime a chur i gcrích go sásúil.

4.7 Gradaim Teagaisc an Phropaist

Seo a leanas na daoine ar bronnadh Gradaim Teagaisc an Phropaist orthu: An tOllamh Ivana Bacik, an Scoil Dlí, Katrin Eberbach, Roinn na Léann Gearmánach, agus an Dr. Martin Henman, Scoil na Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Cógaseolaíochta. Tugadh aitheantas d'fhaighteoirí na ndéontas don díograis agus don dícheall a léirigh siad ina gcuid teagasc agus san fheabhas foghlama. Chomh maith leis sin, bronnadh an Gradam Luathghairme ar Inmaculada Arnedillo-Sanchez Uasal, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Staitisticí/An Scoil Oideachais, de bhearr feabhais sa teagasc.

Tá na gradaim ar an bpríomhbhealach inar féidir leis an gColáiste aitheantas a thabhairt don fhoireann acadúil a rinne cion thar na bearta i leith bhaint amach an fheabhais sa teagasc sa Choláiste agus a chuireann chun cinn an teagasc mar ghníomhaíocht scolártha.

4.8 Ceapacháin Acadúla

Ceapadh beirt déag chuig Ollúnachtaí sa bhliain 2005/06.

Ollúnachtaí Nuabhunaithe

An tOllamh Éacúiméinice (2005) – An tOllamh Linda Hogan

Ollamh Taighde sa tSíceiacht (2006), comhollúnacht le hOspidéal N. Pádraig – An tOllamh Declan McLoughlin
Ollamh le Síciatracht (2005), comhollúnacht le hOspidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath, ag ionchorprú Ospidéal Náisiúnta na Leanaí agus Feidhmeannacht na Seirbhíse – An tOllamh Harald Hampel

Ollúnachtaí Cheana Féin ar Bun

Ollamh le Luath-Ghaeilge (1996) – An tOllamh P D J McManus
Ollamh le Laidin (1870) – An tOllamh Anna Chahoud
Ollamh Regius le Gréigis (1761) – An tOllamh Brian McGing
Ollamh le hInnealtóireacht Shíbhialta (1842) – An tOllamh Margaret O'Mahony

Ollúnachtaí Pearsanta

An tOllamh Ruth Byrne – Síceolaíocht
An tOllamh Vinny Cahill – Ríomheolaíocht
An tOllamh Ian Graham – Leigheas Cliniciúil
An tOllamh John O'Hagan – Eacnamaíocht
An tOllamh Luke O'Neill – Bithcheimic

Ollamh Taighde FEÉ

An tOllamh Mani Ramaswami – Ollamh Taighde FEÉ le Míoleolaíocht
Chomh maith leis sin, ceapadh Léachtóir Sinsearach amháin agus 69 Léachtóir eile.

5. Cáilíocht

5.1 Athbhreithniúcháin ar na Ranna Acadúla

Toisc cur i bhfeidhm na struchtúr nua sa Choláiste, cuireadh an próiseas athbhreithniúcháin acadúil ar fionraí le linn 2005/06. Le linn na tréimhse, an fócas a bhí ag an ngníomhaíocht um dhearbú cáilíochta ná tacú le struchtúir nua atá ag teacht chun cinn agus dul i mbun athbhreithniú a dhéanamh ar phróiseas athbhreithniúcháin um dhearbú cáilíochta an Choláiste chun a struchtúir acadúla nua a léiriú níos beaichte.

Bhreithnigh an Coiste Cáilíochta tuarascálacha dul chun cinn ocht mhí dhéag ó na réimsí seo a leanas le linn na bliana: an tIonad um Léann Teangacha agus Cumarsáide, an Scoil Teiripe Radaíochta, an Scoil Síceolaíochta, an Scoil Anatamaíochta, an Roinn Sláinte Poiblí agus Cúraim Phríomhúil, an Roinn Ríomheolaíochta.

5.2 Athbhreithnithe ar Sheirbhís Rannach

Fuarthas tuarascálacha deiridh na n-athbhreithneoirí ar na réimsí seo a leanas: an tSeirbhís Chomhairleoireachta do Mhic Léinn, an tSeirbhís Chomhairleach do Ghairmithe agus an tSeirbhís Míchumais do Mhic Léinn. Rinne an Coiste um Sheirbhísí Mac léinn iad a bhreithniú agus nótladh gach ceann de mholtaí an Bhoird agus faomhadh iad. Mar thoradh ar athbhreithniú leanúnach ar struchtúir riaracháin agus tacaíochta an Choláiste, ní dhearnadh aon athbhreithniú ar sheirbhís na rann sa bhliain acadúil 2005/06.

6. Gníomhaíochtaí Taighde

6.1 Téamaí Taighde

Ag croílár na straitéise chun freastal ar sprioc an Choláiste a bheith ina phointe tagartha domhanda i réimsí eolais tábhachtacha, díritear ar idirdhisciplíneacht, mar a ndéanann



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE



foirne taighde ó dhisciplíní éagsúla oibriú lena chéile. Tá na Tríonóid cheana féin tar éis láidreacht shuntasach a fhorbairt in ocht gcinn de mhórhéamaí taighde, eadhon: Domhandú; Éire: Cultúr agus na hEalaíona Cruthaitheacha; Cumarsáid agus Córais Chliste; Naineolaíocht agus Eolaíocht Ábhar; Imdhíoneolaíocht agus Ionfhabhtú; Ailse; Géineolaíocht; agus Néareolaíocht. Tá sé mar aidhm ag an gColáiste a bheith ina cheannródaí domhanda i gceann amháin ar a laghad de na réimsí seo thar an gcéad 10 mbliana eile.

Ar na samplaí den fheidhmíocht láidir taighde le linn na bliana acadúla 2005/06 bhí rangú Roinn Géineolaíochta Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i measc na 50 Roinn is fearr ar domhan, go raibh an Roinn Imdhíoneolaíochta i measc na dtrí roinn is fearr ar domhan, go raibh a Roinn Néareolaíochta sa 0.01% is fearr agus go bhfuil a fhoilsitheoireacht Ealaíon agus Daonnachtaí chun tosaigh ar fad in Éirinn.

6.2 Maoiniú don Taighde

Sa bhliain 2005/06, bhí rath thar na bearta ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, i maoiniú a dhaingniú le haghaidh gníomhaíochtaí taighde. Bhain an t-ioncam le tacú le gach gníomhaíocht taighde amach €58 milliún don bhliain. B'ionann an líon cuntas taighde agus 1,456, ar chóimhéid leis an mbliain roimh ré.

Le cúpla bliain anuas, d'aistrigh foinsí an mhaoiniúcháin don taighde ó fhoinsí AE/eachtracha chuig foinsí Éireannacha, go príomha ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus tionscnaimh an Chláir um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal maoinithe ag an Údarás um Ard-Oideachas. Thacaigh gníomhaíocht taighde le 1,412 fostaí sa bhliain 2005/06, sin méadú beag ar an mbliain roimh ré.

Tháinig méadú suntasach ar an riarachán airgeadais maidir le cuntais taighde ar chúiseanna éagsúla: mhéadaigh an treocht atá ann go mbeadh iniúchtaí 100% ann, seachas iniúchtaí simplí, mhéadaigh an líon foriomlán iniúchtaí; tá an riarachán maidir le dáileadh na bhforchostas Institiúideach e.g. FEÉ agus Fiontraíocht Éireann níos casta anois; tá téarmaí agus coinníollacha na n-urraitheoirí, dála FEÉ, níos déine anois, agus urramaíodh méadú ar chuntasacht airgeadais d'urraitheoirí, e.g. Bord Taighde Sláinte.

Dhíríomar ár bhfócas sa tréimhse 2005/2006 ar réimsí casta agus dúshlánacha, dála comhordú ar comhchuibhreannais AE agus neamh-AE. Tá aigshabháil iomlán ar chostais indíreacha anois níos tábhachtaí agus níos tábhachtaí don Choláiste, toisc neamhleorgacht rátaí maoiniúcháin na bhforchostas reatha agus toisc nach dtacaíonn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath go hiomlán leis an tSamhail Chostála Iomlán Eacnamaíochta.

Foinse an Mhaoiniúcháin don Ghníomhaíocht Taighde	An Bhliain dar Críoch 30 M. Fómhair 2006
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	40 %
Fiontraíocht Éireann /Bioresearch Ireland/PATS	8 %
An tÚdarás um Ard-Oideachas	8 %
Coimisiún na gComhphobal Eorpach	12 %
Eile	32 %

6.3 Tionscnaimh Thaighde Nua Choláiste na Tríonóide

Chomh maith le tionscnaimh taighde idirdhisciplíneacha leanúnacha Choláiste na Tríonóide dála an tIonad um Thaighde ar Nana-struchtúir agus Nanai-fheistí (ITNN), Institiúid Néareolaíochta Choláiste na Tríonóide (INCT) agus Institiúid don Léann Imeachta Idirnáisiúnta (LII), seoladh na tionscnaimh taighde nua seo le linn 2005/06:

Cuibhreannas na Tríonóide um Dhul in Aois

Seoladh Cuibhreannas na Tríonóide um Dhul in Aois, cuibhreannas d'ionaid/d'institiúidí agus de scoileanna an Choláiste, i mí na Nollag 2005. Tá an cuibhreannas seo ann chun cothú a dhéanamh ar an taighde agus ar an teagasc maidir leis an dul in aois agus chun clár oibre cuimsitheach um dhul in aois a chothú. An príomhthionscadal atá aige ná an Staidéar Fadaimseartha na hÉireann um Dhul in Aois (SFÉDA) a fuair maoiniú dar luach €10 milliún. An aidhm atá leis ná staidéar fadaimseartha cuimsitheach a dhéanamh in Éirinn ar dhul in aois le ceisteanna leathana taighde, lena n-áirítear snáitheanna bithleighis, sóisialta, airgeadais agus stair saoil cháilíochtúil.

An Staidéar Fadaimseartha Náisiúnta ar Leanaí

Sheol an tAire Leanaí, Brian Lenihan TD, an Staidéar Fadaimseartha Náisiúnta ar Leanaí i mí Aibreáin 2006. Bronnadh an Staidéar ar Ionad Taighde Leanaí Choláiste na Tríonóide i gcomhar leis an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES) agus fuair sé maoiniú dar luach €24 milliún ó Oifig an Aire Leanaí don chéad chéim. Seo an staidéar is mó dá leithéid a rinneadh riamh ar eolaíochtaí sláinte agus sóisialta.

Institiúid Matamaitice Hamilton

Seoladh Institiúid Matamaitice Hamilton i mí Mheán Fómhair 2005. Ainmníodh an Institiúid in onóir dhuine de chéimithe na Tríonóide, an matamaiticeoir agus an t-eolaí cáiliúil, William Rowan Hamilton, agus tá sí ar an gcéad institiúid in Éirinn a chothaíonn matamaitic agus disciplíní bainteacha. An aidhm atá aici ná feabhas a chur ar an tuiscint atá ag an bpobal ar mhataimic.

Mol an tSeomra Fhada

Sheol an Coláiste Mol an tSeomra Fhada, tionscnamh a fhéachann le healaíona, daonnachtaí agus eolaíochtaí sóisialta a dhéanamh as taighde idirnáisiúnta, i mí na Mheithimh 2006. I measc a phríomhthionscadail faoi láthair tá bailiúchán Pollard de litríocht do leanaí, catalóg leictreonach d'fhillíocht na mBard agus bunachar sonraí le scannáin agus cláir theilifíse Éireannacha.

6.4 Naisc Thaighde le hInstitiúidí Eile

An tIonad um Thaighde Cliniúil

Seo tionscnamh faoi stiúir an Ollaimh le Leigheas Cliniúil, Dermot Kelleher, le haghaidh mórionad taighde chliniciúil in Ospidéal San Séamas agus bhronn an Wellcome Trust agus an Bord Taighde Sláinte maoiniú dar luach €20 milliún air. Rinneadh an tógra, faoi stiúir An Ollaimh Kelleher i gcomhar le taighdeoirí sinsearacha ó thrí scoil leighis i mBaile Átha Cliath i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus i gColáiste Ríoga Máinlia, a chomhordú trí mheán an Ionaid um Leigheas Móilíneach, Baile Átha Cliath. Déanfar an t-ionad taighde cliniúil nua a thógáil in Ospidéal San Séamas, ospidéal teagaisc de chuid Choláiste na Tríonóide, sa bhliain 2009.





Scoil Bainistíochta Céimithe na Tríonóide-FBÉ

Sheol an Scoil Ghnó agus Foras Bainistíochta na Éireann (FBÉ) comhionscadal de chuid Scoil Bainistíochta Céimithe na Tríonóide/FBÉ i mí Dheireadh Fómhair 2005. Múnlófar an scoil nua do chéimithe ar bhunchloch na gClár Céime MBA agus sraith M.Sc (Bainistíocht) atá ar fáil cheana féin sa dá institiúid. Díreoidh sé ar fhorbairt bainistíochta ar leibhéal domhanda a sholáthar ach oideachas feidhmiúcháin a sholáthar d'fheidhmeannaigh shinsearach agus trí mheán clár taighde uailmhianach ar shaincheisteanna bainistíochta agus iomaíochta.

Comhpháirtíocht Straitéiseach na Tríonóide -FBÉ le Coláiste Babson

I mí na Nollag 2005, shínigh Scoil Céimithe na Tríonóide-FBÉ comhpháirtíocht straitéiseach le Coláiste Babson College sna SA, a dhéanfaidh forbairt ar chlár oideachais a chothaíonn fiontraíocht agus a thacaíonn léi agus a spreagann gníomhaíocht fiontraíochta i ngach eagraíocht. Ar an gcomhpháirtíocht beidh clár mhalartúcháin le haghaidh mic léinn PhD, MBA, MSc agus do mhic léinn fochéime agus éascóidh sé an ghluaiseacht rialta de mhic léinn idir na scoileanna.

Tionscadal na Saoirsí

Bhuaigh Tionscadal na Saoirsí, cuibhreas ar a bhfuil Coláiste na Tríonóide, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, tairiscint chun áis nua taighde a fhorbairt a thiocfaidh i gcomharba ar Media Lab Europe i Mol Digiteach Bhaile Átha Cliath.

Able 4 College

Sheol an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin TD, suíomh gréasáin nua le haghaidh mic léinn faoi mhíchumas, dar teideal, *Able 4 College*, i mí na Nollag 2005, agus bhí an suíomh gréasáin mar thoradh deiridh ar thionscadal taighde trí bliana idir Coláiste na Tríonóide agus Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta. An aidhm a bhí leis an tionscadal taighde seo a fhaigheann maoiniú ón Údarás um Ard-Oideachas ná feabhas a chur ar an ráta coineála de mhic léinn in oideachas tríú leibhéal agus tacú le mic léinn faoi mhíchumas ina roghanna gairme agus ina roghanna fostaíochta. Cuireann an suíomh gréasáin comhairle agus tacaíocht ar fáil do mhic léinn faoi mhíchumas, dá dtuismitheoirí agus dá ngairmthreoirí.

An Institiúid um Thaighde agus Theagasc Bithphróiseála (ITTB)

I mí Eanáir 2006 rinneadh ionchorprú ar an Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Theagasc Bithphróiseála (ITTB). Seo comhfhiontar idir Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Institiúid Teicneolaíochta Shligigh, agus rinne GFT Éireann cinneadh straitéiseach infheistiú i mbunú na hInstitiúide ag féachaint le cothú a dhéanamh ar thaighde comhoibrítheach acadúil i dtionscail i dteicneolaíochtaí bithphróiseála.

6.5 Rath ar Thaighdeoirí na Tríonóide maidir le Scoláireachtaí agus Gradaim

Tugadh aitheantas do thaighdeoirí na Tríonóide i ngach disciplín as an méid a bhain siad amach, sa bhaile agus thar lear araon. Toghadh bheirt bhall d'fhoireann na Tríonóide ar Acadamh Ríoga na hÉireann sa bhliain 2006: Comhollamh na Stair, David Dickson agus An tOllamh Seamus Martin, Ollamh Smurfit le Géineolaíocht Leighis. Bronnadh Gradam ar an gComhollamh le Léann Scannán, Kevin Rockett, ón American Library Association don Leabhar is

fearr, dá leabhar ar chinsireacht (Sa bhliain 2005, cuireadh breis is 23,000 leabhar faoi bhráid irisleabhar an American Library Association, *Choice*, le go ndéanfaí iad a bhreithniú don ghradam don Leabhar Acadúil is Fearr. As an líon sin, rinneadh 7,000 díobh a bhreithniú, ach níor bronnadh an gradam ach ar 682.) Bhronn an UK Biomedical Society gradam GlaxoSmithKline 2006 ar an Ollamh Smurfit le Géineolaíocht Leighis, Seamus Martin. Bronntar an gradam seo gach dhá bhliain mar aitheantas ar thaighde ceannródaíoch as a n-eascaíonn dul chun cinn sna heolaíochtaí leighis as. Oibríonn An tOllamh Martin ar rialú a dhéanamh ar chilldheighilt agus ar bhás cille agus cuirtear tacaíocht ar fáil dá thaighde leis an nGradam Príomhthaighdeoir ó Fhionduireacht Eolaíochta Éireann.

Bronnadh an duais Goran Gustafsson ó Acadamh Ríoga na Sualainne ar an Ollamh Adrian Constantin, atá ina Ollamh Erasmus Smith le Matamaitic, dá shárthaighde ar Choithromóidí Páirtidifreálacha. Bhí an tOllamh Constantin ar an gcéad duine leis an duais seo a bhuachan agus tá spéis ar leith aige i staidéar a dhéanamh ar thonnta uisce.

D'fhaomh Fionduireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) 15 togra don chlár Walton Visitor 2006. Chuir Coláiste na Tríonóide cúig iarratas isteach (an líon uasta atá ceadaithe d'aon institiúid amháin), agus faomhadh trí cinn díobh. Déanann na gradaim Walton Visitor éascú ar chuariteanna a thugann taighdeoirí idirnáisiúnta ar Éirinn ar feadh tréimhsí suas le bliain amháin.

Bhí an Dr James O'Donnell, Roinn na Haemateolaíochta, ar an gCéad Eolaí-Chliniceoir ar bronnadh an Gradam Uachtarán na hÉireann don Taighdeoir Óg air. Cuirfidh FEÉ maoiniú ar fáil dó ar feadh tréimhse cúig bliana. An aidhm atá lena thaighde ná feabhas a chur ar an tuiscint atá ag daoine ar ról an fhachtóir Von Willebrand, a bhfuil ról lárnach aige i ngnáth-théachtadh fola i ngalair shoithíochta choitianta.

Tacaíonn an Gradam Príomhthaighdeoir um Dhul Chun Cinn Gairme de chuid FEÉ le mná atá i ngairmeacha taighde ag gach leibhéal agus cuireann sé san áireamh na riachtanais éagsúla atá ag mná, agus go deimhin ag aon duine, ar cuireadh isteach ar a ngairm toisc go raibh orthu saoire mháithreachais, uchtála, cúramóra nó tuismitheora a thógáil. Chuir FEÉ maoiniú ar fáil le haghaidh deich n-iarratas do na Gradaim um Dhul Chun Cinn Gairme de chuid FEÉ in Éirinn agus déanfar trí cinn díobh a réachtáil i gColáiste na Tríonóide.

I mí Bealtaine 2006, mhol FEÉ go gcuirfí maoiniú ar fáil le haghaidh 41 iarratas ar an gClár Taighde ó Choláiste na Tríonóide. Cuimsíonn na clár seo obair i réimsí disciplíne éagsúla.

Rinneadh trí chéad agus a naoi iarratas ar scéim dheontais 2005 an Bhoird Taighde Sláinte, agus cuireadh maoiniú ar fáil do 75 de na hiarratais sin, 13 díobh do Choláiste na Tríonóide. Fuair an Coláiste maoiniú ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) le haghaidh trí thionscadal deontais nua, trí Scoláireacht Dochtúireachta agus Comhaltacht Taighde sa bhliain 2005.

Ó shamhradh 2005 i leith, cuireadh maoiniú ar fáil do 14 thogra um Chruthúnas Coincheapa i gColáiste na Tríonóide ó Fhiontraíocht Éireann (FÉ). Ina leithéid sin de thionscadail oibríonn daoine anair nó grúpaí beaga ar thionscail ghearra fheidhmeacha d'fhonn táirge a fhorbairt chuig céim



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE



inmharthanach. Cuireadh maoiniú ar fáil do sheacht gcinn de thionscadail Teicneolaíochta Faisnéise de chuid FEÉ, mar a raibh an taighde dírithe ar mhórfhorbairt ar theicneolaíocht, in earrach na bliana 2006. Chuir an maoiniú tacaí taighde ar fáil i réimsí na teicneolaíochta ar bhain spéis mheántéarmach leo do thionscail in Éirinn. Bhronn Comhairle Taighde na hÉireann um na Daon-nachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta 22 as an iomlán de 94 gradam Scoláireachta larchéime ar Choláiste na Tríonóide. Chomh maith leis sin, fuair iarratasóirí ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, dhá cheann de Chomhaltachtaí Taighde agus dhá Chomhalacht Taighde Shinsearach.

Chuir Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht maoiniú ar fáil do 28 taighdeoir ó Choláiste na Tríonóide faoina Scéim Scoláireachtaí Taighde larchéime agus 11 faoin gClár Comhaltachtaí lardhochtúireachta.

Bhronn Coimisiún Rialaithe Cumarsáide na hÉireann (ComReg) an chéad cheadúnas do bhogearraí tástála raidió ar an Ionad um Theileachumarsáid agus um Thaighde Luach-shlabhra, a fhaigheann maoiniú ó FEÉ. Cuireann an cheadúnas ar chumas taighdeoirí an Ionaid tástáil a dhéanamh ar líonraí ardsofaisticiúla in-athchumraithe agus comhfhiosacha gan sreang ar líonraí iad atá á dhearadh ag an ngrúpa.

7. Comhoibriú maidir le Nuálaíocht agus Tionsclaíocht

7.1 Maoin Intleachtúil

Le blianta beaga anuas bhí an-rath ar an gColáiste ó thaobh infheistiú a fháil le haghaidh taighde agus forbairt ón údarás um Ard-Oideachas, ó Fhiontraíocht Éireann agus ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, maille le Cláir Chreatoibre Eorpacha eile etc. Leis an infheistiú seo i dtaighde tá súil aige táirgí nua a fheiceáil a bhfuil fíorphointéinseal margaidh acu. An tasc atá ag Seirbhísí Taighde agus Nuálaíochta na Tríonóide ná tacaíocht a sholáthar san aistriú teicneolaíochta.

An dá phríomhfheithicil atá ann chun aschur taighde a aistriú chuig tionscail ná:

- Ceadúnais do mhaoin intleachtúil a chur ar fáil do thríú páirtithe, agus
- Seach-chuideachtaí campais.

D'fhonn caipitliú a dhéanamh ar thorthaí an taighde ní mór maoin intleachtúil a ghabháil agus a chosaint. Ar na nithe a léiríonn go raibh rath ar an gColáiste sa réimse seo chomhdaigh an Tríonóid 23 paitinn le linn 2005/2006.

7.2 Comhoibriú idir an Ollscoil agus Tionscail

Tá ITNN, Ionad um Thaighde ar Nana-struchtúir agus Nanai-fheistí de chuid Choláiste an Tríonóide, ag obair faoi láthair le Intel Ireland chun slis sileacain nua a fhorbairt. Tá an tsli phátrú-naithe, ar a dtugtar Greille Oiriúnaitheach, oiriúnach le haghaidh ábhair agus feistí tástála ar nana-scála de aon bhiliúnú de mhéadar. Tugann an Ghreille Oiriúnaitheach buntáiste iomaíoch millteach mór do ITNN ina iarrachtaí taighde. Thug imeacht a reáchtáladh sa Tríonóid i mí Aibreáin 2006 aitheantas don éacht tionsclaíoch-acadúil seo.

Tá an tlonad um Theileachumarsáid Luach-Shlabhra dírithe ar phirspeictíocht luach-shlabhra a chur i bhfeidhm ar a thaighde a bhfuil mar aidhm aige na líonraí teileachumarsáide den chéad ghlúin eile a réadú. Tá ceanncheathrú an Ionaid seo lonnaithe sa Tríonóid, agus tugtar le chéile grúpa ildhisciplíneach taighdeoirí ón iliomad ollscoileanna in Éirinn le sraith comhpháirthe tionsclaíochta a roghnaíodh go cúramach lena n-áirítear Lucent and Bell Labs Ireland chun oibriú ar na dúshláin innealtóireachta agus eolaíochta sin is mó a dhéanfaidh difríocht do líonraí teileachumarsáide amach anseo.

Tar éis athbhreithniú fabhrach ar chlár Bhitheolaíochta Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, bhí an Comh-Dhéan Taighde agus Bainisteoir Idirchaidrimh Tionscal ar thóir comhpháirtíochtaí tionsclaíochta/acadúla, lena n-áirítear pleananna uailmhianacha chun clár bitheolaíochtaí a thógáil.

7.3 Cuideachtaí an Champais

Rinne Opsona Therapeutics Ltd, cuideachta campais, agus Wyeth Pharmaceuticals, socrú comhoibrítheach lena chéile sa bhliain acadúil seo caite, chun comhdhúile a aimsiú, a fhorbairt agus a thráchtáil le cóireáil a dhéanamh ar ghalair athlastacha dála airtríteas réamatóideach agus lupas eiritreaiheimatóis córasach, chomh maith le feidhmeanna i réimsí eile dála ailse agus vacsaíní.

Dhaingnigh CREMe Software Ltd, a ionchorpraíodh sa bhliain 2005, cúpla conradh san Eoraip le bliain anuas. Seoladh CREMe 2.0, ceann de na huirlisí ardfeidhmíochta chun nochtadh riosca a mheas, i mí an Mhárta 2006.

Tá Cellix Ltd, cuideachta ionstraimíochta, ag soláthar réitigh nua micrealeachta teicneolaíochta-bhunaithe sna réimsí seo a leanas: taiscéaladh drugaí, diagnóisic agus taighde leighis. Ag eascairt as comhpháirtíocht chomhoibrítheach idir Ranna Fisice agus Leighis Chliniciúil Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, d'fhorbair agus tháirg Cellix bithshliseanna indiúscartha chun aithris a dhéanamh ar ribeadáin an duine.

7.4 Fiontraíocht agus Nuálaíocht

Tá fás ag teacht ar chlár Fiontraíochta na Tríonóide ó thaobh toise agus láidreachta de. I mbliana ghlaic mic léinn páirt sa chomórtas idirnáisiúnta dar teideal Idea-2-Product in Austin, Texas. Bhí an-rath ar na tionscadail chomhoibrítheacha idir na mic léinn ó rang MBA Choláiste na Tríonóide agus tionscnóirí na bhfiontar nua agus bhí clár píolótach ann ag comhoibriú le foirne MBA atá lonnaithe in Fox Business School in Philadelphia. Ghlaic rang MBA Choláiste na Tríonóide páirt chomh maith i gCampa d'Fhiontraíthe a reáchtáil Ionad Nuálaíochta Gnó Bhaile Átha Cliath in Ionad Fiontraíocht Guinness i mí Eanáir 2006.

Mar chuid de ghníomhaíochtaí nuálaíochta na Tríonóide glacadh páirt i gClár PAXIS an AE do 22 réigiún ar cuireadh tús lena lámhleabhar maidir le Cinnteoirí Polasaí Nuálaíochta le hagusáin ó Catherine Byrne, Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath. Chuir sé seo críoch le clár trí bliana a mbeidh tionscadal margáíochta nuálaíochta idirnáisiúnta Sheirbhísí Oifige Euro ag teacht ina dhiaidh, agus glacadh Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath páirt ann.

8. Clár um Fhorbairt Caipitil

8.1 Tionscadail a Cuireadh i gCrích







Lean clár caipitil an Choláiste air ag feidhmiú go tréan. Seoladh roinnt ionad um fheabhas sa taighde, a bheidh lonnaithe i bhfoirgnimh nua, ag cur áiseanna agus ionaid teagaisc úrscothacha ar fáil.

An Institiúid Náisiúnta um Míchumas Intleachtúil

Sheol an tAire Oideachais agus Eolaíochta an Institiúid Náisiúnta um Míchumas Intleachtúil i mí Bealtaine 2006. Tá sé lonnaithe in áitreabh athchóirithe ag 3 Faiche an Choláiste, agus cuireann sé cúrsa lánaimseartha ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil.

Institiúid Lloyd

Thosaigh Institiúid Lloyd ag feidhmiú ina iomláine le linn na bliana 2005/06, ag soláthar méadú suntasach i spás teagaisc agus taighde do na Ranna Ríomheolaíochta, Staitisticí, Ríomhaireachta Ardfeidhmíochta agus don Institiúid Néareolaíochta. Ainmníodh an Institiúid in onóir an Phroipáist Humphrey Lloyd, a bhí in oifig ó 1867–1881. Tá an Institiúid 9,000 méadar cearnach seo lonnaithe ag cúinne thoir thuaidh an champais agus cuireadh é i gcrích ar chostas €36 milliún.



Institiúid Naughton

8.2 Tionscadail Thógála Idir Lámha

Tionscadal an Chúinne Thoir Thuaidh (Institiúid Naughton agus Coimpléasc Spóirt)

Leanadh leis an obair thógála ar cheann de na tionscadail thógála is mó agus is casta, dá ndeachaigh an Coláiste ina bhun ar Chúinne Thoir Thuaidh den champas. Tá dhá ghné ag baint leis an tionscadal – Institiúid Naughton agus Coimpléasc Spóirt. Ar chostas €56 milliún, tá sé beartaithe an tionscadal a bheith i gcrích faoi lár na bliana 2007.

Institiúid Naughton

Seo an chéad institiúid taighde saintógtha naineolaíochta sa tír agus tabharfar Institiúid Naughton air in onóir an deontais €5 milliún a chuir an Dr Martin Naughton, Cathaoirleach Glen Dimplex Group, ar fáil agus beidh 150 eolaí, teicneoir agus mac léinn iarchéime lonnaithe ann – áis úrscothach a chuirfidh na huirlisí ar fáil a bheidh ag teastáil chun taiscéaladh a dhéanamh ar shaol na naineolaíochta. Beidh an tIonad um Thaighde ar Nana-structúir agus Nanai-fheistí (ITNN) lonnaithe san Institiúid. Tá geallta ag

Fondúireacht Eolaíochta Éireann cheana féin €21 milliún a chur ar fáil don tionscadal go dtí seo, agus úsáidfear beagnach €10 milliún chun gníomhaíocht taighde a mhaoiniú agus €11 milliún chun áiseanna speisialaithe saotharlainne saor ó chreathadh a thógáil. Meastar go gcosnóidh sé €29 milliún agus go mbeidh sé i gcrích faoi lár na bliana 2007, agus beidh gairis agus teicnící ann do thaighdeoirí agus d'eolaithe san Institiúid chun gur féidir leo structúir agus feistí nua a thógáil adamh ar adamh, a bhfuil feidearthachtaí gan teorainn ag baint leo don bhiteicneolaíocht, agus do theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. Feidhmeoidh an foirgneamh seo mar ionad poiblí nuálaíochta freisin – An Gailearáí Eolaíochta – tionscnamh náisiúnta tiomnaithe do chothú feasachta poiblí maidir le heolaíocht. Bainfidh déagóirí agus daoine fásta an fónamh is mó as seo, agus déanfaidh an tionscadal ceiliúradh ar eolaíocht agus ar theicneolaíocht trí mheán sraith taispeántas, imeachtaí agus díospóireachta idirghníomhacha.

Coimpléasc Spóirt

Sa Choimpléasc Spóirt nua tá 6,500 méadar cearnach de spás ina bhfuil linn snámha 25méadar le sé lána agus sabhna agus seomra gaile. Tá urlár scaoilte ag an linn snámha agus mar sin is féidir doimhneacht na linne a athrú chun freastal ar raon gníomhaíochtaí idir cheachtanna do thosaitheoirí is traenáil scúba agus póló uisce. I measc na n-áiseanna eile tá dhá halla spóirt, téatar mór gleacaíocht, stiúideo aeróbaice agus cóiríocht le haghaidh clubanna spóirt agus spásanna reifléacseolaíochta agus cóireálacha iomlánaíochta eile. Tá spásanna ar leithligh san fhoirgneamh chun éadaí a athrú le haghaidh spóirt fhliucha agus thirime. Ceann de na háiseanna is suntasaí san fhoirgneamh ná balla dreapadóireachta a bheidh le feiceáil feadh an fhoirgnimh iomláin ó nach mór aon áit ar Rae an Iarthair.

8.3 Tionscadail Tógála atá Molta

Forbairt ar Shráid an Phiarsaigh

D'éascair plean an Choláiste athfhorbairt a dhéanamh ar a áitribh ar Shráid an Phiarsaigh as comórtas ailtireachta idirnáisiúnta a reáchtáladh sa bhliain 2002. Mar chuid den fhorbairt tá straitéis forbartha céimneach d'fhoirgnimh nua ar thaobh thuaidh de thailte spóirt an Choláiste agus athchóiriú ar na tithe sraithe coinnithe ón naoú céad déag feadh theorainn thuaidh an Choláiste. Is ionann achar an limistéir a bhfuil sé beartaithe é a athfhorbairt agus 18,400 méadar cearnach (le limistéar athchóirithe/coinnithe de 4,400 méadar cearnach san áireamh).

Cuirfear formhór na cóiríochta ar fáil in dhá fhoirgneamh a thógfáir ar shuíomh ó thuaidh ón bPáirc Rugbaí. Déanfar na foirgnimh seo a nascadh lena chéile le siúltáin ag dhá leibhéal de na tithe ar Thithe Sraithe Shráid an Phiarsaigh a ndéanfar athchóiriú orthu chun cóiríocht d'áitritheoirí a sholáthar ag na leibhéil uachtaracha. Cuirfear le beocht Shráid an Phiarsaigh le meascán de ghníomhaíochtaí fóillíochta agus acadúla, lena n-áireofar siopaí agus caifeanna, a bheidh sna spásanna ar urlár na talún. Mar chuid den tionscadal seo beidh bealach isteach nua ann do choisithe feadh theorainn thuaidh an Choláiste chomh maith le hatheagrú ar Halla Luce chun Ionad a sholáthar do Mhic Léinn tar éis gníomhaíochtaí spóirtála a aistriú chuig an Ionad Spóirt nua.

Ionad na Tríonóide, Ospidéal Thamhlachta Céim 2

Fuarthas cead pleanála ó Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas chun foirgneamh 5,000 méadar cearnach a thógáil buailte leis an Ionad de chuid na Tríonóide atá ann cheana féin in Ospidéal Thamhlachta. Cuirfidh an foirgneamh beartaithe seo, ag





GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE



costas measta de €20 milliún, i gcrích cóiríocht an Choláiste don chlár céime Altrachta agus cuirfidh sé spás taighde 4,000 méadar cearnach ar fáil.

Ionad Taighde na Tríonóide d'Ealaín Éireannach

Fuarthas cead pleanála le haghaidh tionscadail dar luach €1.5 milliún chun athchóiriú a dhéanamh ar na stáblaí atá buailte le Teach an Phroipaist agus iad thiontú ina Ionad Taighde d'Ealaín Éireannach. Mar chuid den áis taighde agus teagaisc seo beidh spás teagaisc/taispeántais, limistéir staidéir agus seirbhísí tacaíochta ar urlár na talún agus seomra léitheoireachta/carlainne ag leibhéal an chéad urláir. Cuirfear cóiríocht ar fáil le haghaidh cúig bhall foirne agus 15 léitheoir, agus spás seomra ranga le haghaidh suas le 18 mac léinn. Is urraitheoirí próbháideacha a chuir maoiniú ar fáil don tionscadal seo agus tá sé beartaithe é a bheith i gcrích i Samhradh na bliana 2007.

Athfhorbairt ar Shuíomh An Post

Tá an suíomh seo, atá idir Shráid Cumberland agus Sandwith á úsáid i láthair na huair mar chárchlós dromchla. Tá sé beartaithe athfhorbairt a dhéanamh air seo chun meascán de spás acadúil agus tráchtála a sholáthar. Faoi réir cead pleanála, tá sé beartaithe an tionscadal a thosú sa bhliain 2007. Beidh Institiúid Bitheolaíochtaí le háiseanna tacaíochta san fhoirgneamh seo. Ar na húsáidí a bainfear as an spás tráchtála beidh siopaí, cóiríocht d'oifigí agus spás saotharlainne. Beidh an fhorbairt seo buailte le stáisiún traenach Shráid an Phiarsaigh agus beidh bealach isteach nua an stáisiúin mar chuid de.

9. Airgead a Bhailiú

Bailíonn Fondúireacht na Tríonóide airgead chun tacú le forbairt ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ag cuidiú leis an gColáiste a mhisean a bhaint amach – is é sin a bheith ina ollscoil a bhfuil tábhacht dhomhanda ag baint léi. Creideann an Fhondúireacht go raibh ról i gcónaí riamh ag an Tríonóid i gcuidiú le hÉirinn ról lárnach a bheith aici a bheith ina háit tháirgiúil le nithe a cheapadh, le bheith ag obair ann agus le bheith ag foghlaim ann, agus ar an áit is sibhialta a bheith ag cónaí, agus cur leis an tsochaí dhomhanda.

Chun an ról seo a chur i gcrích go sásúil, agus chun a bheith ina hollscoil a ghlacann ceannaireacht le haitheantas idirnáisiúnta, ní féidir leis an Tríonóid a bheith ag brath ar mhaoiniú an Stáit amháin – ní mór di tacaíocht a dhaingniú ón earnáil phríobháideach chun todhchaí riachtanach na hOllscoile a dhearbhu. Sna cúig bliana dar críoch 30 Meán Fómhair 2006, bhí páirt lárnach ag Fondúireacht na Tríonóide i mbailiú díreach faoi bhun €100 milliún do thionscadail tosaíochta na Tríonóide – is féidir torthaí an mhaoiniúcháin sin a fheiceáil ar fud an Choláiste ó thaobh foirgnimh nua, foireann acadúil agus maoiniú le haghaidh cláir thaighde agus for-rochtana.

10. Cúrsaí Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Maoiniúcháin don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2006 ar bhonn comhchuibhithe don earnáil Ollscolaíochta in Éirinn agus comhlíonann siad Cuid 1 de cheanglais Acht na nOllscoileanna. Ní thuairiscíonn na Ráitis Maoiniúcháin ach ar an ngníomhaíocht deontais agus na conarthaí lárnacha teagaisc agus taighde sa Chuntas loncaim & Caiteachais. Tuairiscíonn Cuid II ar gach gníomhaíocht de chuid an

Choláiste (idir ghníomhaíochtaí teagaisc agus taighde agus ghníomhaíochtaí féin-mhaoiniúcháin) sa Chuntas loncaim & Caiteachais sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite de réir na gcaighdeán cuntasíochta coitianta. Tá leagan amach Chuid II ar fionraí faoi láthair ar feithimh soiléiriú ón Údarás um Ard-Oideachas maidir leis an déileáil cuntasachta teicniúla ar dhliteanais pinsin.

B'ionann easnamh na bliana agus €5.1 milliún (Aguisín I) agus mar thoradh air sin mhéadaigh easnamh carntha an Choláiste go €6.67 milliún amhail 30 Meán Fómhair 2006. Tá staid airgeadais an Choláiste ag dul in olcáis i gcónaí toisc go gcaithfear an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003 a chomhlíonadh agus nach bhfuil aon mhaoiniú breise ar fáil dó seo ón Rialtas. Is cúis mhór inní an staid airgeadais seo nuair a chuirtear san áireamh an t-easnamh atá réamh-mheasta don bhliain 2007 agus tá éiginnteacht sa bhreis ann maidir le leibhéal mhaoiniúcháin amach anseo don Choláiste tar éis chur i bhfeidhm iomlán Shamhail Mhaoiniúcháin nua An Údarás um Ard-Oideachas. Tá an Coláiste i gcónaí faoi shrian airgeadais le cumas teoranta freagairt do thurraingí airgeadais in éagmais bonnleibhéal maoiniúcháin agus maoiniú ilbhliantúil a mholann ECFE, agus tá gá leis an dá cheann chun ardán daingean don phleanáil airgeadais a sholáthar d'institiúidí ardoideachais ar bhonn bliain ar bhliain. Ní thagann an laghdú atá ag tarlú, i bhfiorthearmaí, ar mhaoiniú ón Stát, leis an spríoc eacnamaíocht eolasbhunaithe éifeachtach a chruthú a bhfuil Éire ar a dícheall é a bhaint amach.

I gcodarsnacht leis an teagasc, tá an timpeallacht maoiniúcháin don taighde láidir agus is ionann gníomhaíocht na nDeontas Taighde agus na gConarthaí (léirithe faoi chaiteachas) agus €60.5 milliún don bhliain. B'ionann na pátrúin fáis le haghaidh tréimhsí 10, 5 agus 3 bliana go dtí an 30 Meán Fómhair 2006 agus 316%, 140% agus 26% faoi seach. Is ionann an leibhéal ioncaim ó fhoinis Éireannacha agus ó fhoinis eile i mbliana 83% agus 16% faoi seach le céatadáin chomhionanna amhail 30 Meán Fómhair 2001 agus 62% agus 38%. Bhain an t-athrú seo, go príomha, le Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus leis an gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal. Le linn na tréimhse fáis agus rathúlachta seo ó thaobh maoiniú taighde a fháil, tá an Coláiste tar éis a fháil amach go bhfuil na córais tacaíochta, idir réimsí acadúla agus réimsí neamhadúla, faoi bhrú níos mó agus níos mó sa mhéid go raibh an méid a íocadh i leith costais indíreacha faoi bhun an chostais iomláin atá ar óstáil agus ar thaighde. Mar thoradh ar an leibhéal neamhleor de mhaoiniú d'fhorchostais a ghabhann le taighde bhí an buiséad teagaisc ag tabhairt faoin ngníomhaíocht taighde. Ní féidir é seo a chothú.

Bhí tionchar chomh mór ag tarraingt siar iomlán an riaráiste bhliantúil de dheontais chothabhála agus laghdú i bhfiorthearmaí ar an deontas atréimhseach go dtosódh foirgnimh ag meath agus nach mbeifear in ann iad a úsáid ar deireadh thiar. Dá bharr seo, beidh éifeacht fhadtéarmach aige ar fhabraic na hOllscoile.

Tá cistí pinsin earnáil na nOllscoile faoi réir plé leanúnach faoi láthair leis an Údarás um Ard-Oideachas maidir le staid airgeadais na hearnála, rátaí ranníocaíochtaí, saincheisteanna ACF(OTS) agus ráthaíochtaí ón Stát. Tá sé riachtanach do gach páirtí leasmhar go bhfaighfí réiteach ar gach saincheist a bhaineann le pinsin. Ní mór breathnú ar an bpictiúr bliana den staid airgeadais a bhfuil cur síos air thús i gcomhthéacs mhaoiniú foriomlán na hearnála le cúpla bliain anuas. Léiríonn staitisticí a chuir Cumann Ollscoileanna na hÉireann ar fáil le déanaí, ag baint úsáide as líon comhionann





lánaimseartha neamhualaithe na mac léinn agus anailís chúramach ar shonraí maidir le mhéadú costais bhoilscithe pá agus neamhphá, gur tháinig laghdú, i bhfíorthearmaí, ar an Deontas Atréimhseach Lárnach in aghaidh an mhic léinn don tréimhse 2001 go 2006. Chomh maith leis sin, laghdaíodh na táillí a íocann an Stát thar cheann mic léinn fochéime maidir le Táillí Saor in Aisce Fochéime faoi 15.1% in aghaidh an mhic léinn i bhfíorthearmaí agus mhéadaigh líon na mac léinn fochéime faoi 10% sa tréimhse chéanna. Tagann an laghdú seo i bhfíorthearmaí ar líon na mac léinn agus boilsciú suntasach ar phá chun cinn toisc ceanlgais bhreise reachtúla san Earnáil agus sa Choláiste, lena n-áirítear na costais sin a bhaineann le dualgais ranníocaíochtaí pinsin d'fhostaithe ag eascairt as an Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003 ar tagraíodh dó roimhe seo, nach bhfuil aon mhaoiniú breise ar fáil dó go dtí seo. Amhail 30 Meán Fómhair 2006 b'ionann an leibhéal dualgas ACF(OTS) a bhí ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath nach raibh aon mhaoiniú ar fáil dó agus €21.36 milliún.

Is é bun agus barr an scéil ná nach bhfuil méaduithe atá tiomáinte ag reachtaíocht (tá ACF(OTS) ar cheann mór) nó méaduithe ar líon na mac léinn ag fáil dóthain maoiniúcháin agus tá sé deacair ar Earnáil na nOllscoileanna in Éirinn anois a sholáthar oideachais a choinneáil ar an gcaighdeán ard a bhí ann i gcónaí ar bhonn iomaíoch, má chuirtear a leibhéal maoiniúcháin i gcomparáid le leibhéal maoiniúcháin réimsí eile san ECFE. Léiríonn staitisticí go bhfuil leibhéal maoiniúcháin faoi bhun an mheáin go maith faoi bhun an cheathrú is airde den ECFE a bhfuil Éire ag iarraidh é a shroicheadh.

I gcomhthéacs an mhéid thuasluaite, tá dúshlán shuntasacha i ndán don Choláiste.

11. Conclúid

In ainneoin an bhrú a bhí ag eascairt as deacrachtaí airgeadais, d'fheidhmigh Coláiste na Tríonóide go maith sa bhliain 2005/06.

Sainaitníodh spriocanna nua don Choláiste sa Tuairisc Chun Dáta ar an bPlean Straitéiseach, 2006. An tionchar a mheastar a bheidh acu ar an gColáiste ná: tiocfaidh méadú suntasach ar sheasamh idirnáisiúnta na Tríonóide mar ollscoil taighde-threoraithe agus beidh sé mar phointe tagartha do réimse taighde amháin ar a laghad. Léireofar go maith ár n-éachtaí taighde inár gclár oideachasúla, ag leibhéal iarchéime agus fochéime araon. Brúfaidh na forbairtí in oideachas céime ar aghaidh 'Éire nua an Ceathrú Leibhéal', ag cur leis an líon iarchéimithe agus ag soláthar cláir chomhtháite PhD ina bhfuil modúil do scileanna cineálacha in aistrithe agus ardscoleanna inaistrithe.

Beidh cáil ar churaclam agus ar mhodheolaíochta na Tríonóide ar na cinn is fearr in Éirinn agus i measc na gceann is fearr ar domhan. Beidh meascán ilchultúrtha agus éagsúil i measc na foirne agus an mac léinn, le líonn ard mac léinn eachtrach, agus cuirfeadh feabhas ar 'Eispéaras na Tríonóide' don fhoireann agus do na mic léinn araon. Beidh aitheantas ag an Tríonóid i measc phobal na hÉireann de bharr chion an Choláiste ar son fhuinneamh sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha na hÉireann.

Tugann an Coláiste aghaidh ar an todhchaí go muiníneach.

Aguisín I: Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2006

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2006

	2006 €'000	2005 €'000
Ioncam		
<i>Deontais ón Stát</i>	90,874	89,575
<i>Táillí ó Mhic Léinn</i>	69,848	66,148
<i>Ioncam Eile</i>	16,988	16,905
	177,710	172,628
<i>Deontais Taighde agus Tionscadail</i>	57,572	61,085
IOMLÁN	235,282	233,713
Caiteachas		
<i>Scoileanna Acadúla agus Oifigí Dáimhe</i>	97,244	92,427
<i>Seirbhísí Acadúla agus Eile</i>	21,457	19,675
<i>Áitribh</i>	25,166	24,142
<i>Méid Cionnroinnte le haghaidh Cuspóirí Caipitil</i>	-	475
<i>Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha</i>	15,080	11,617
<i>Caiteachas Ginearálta Oideachais</i>	7,850	7,177
<i>Seirbhísí do Mhic Léinn</i>	5,005	4,649
<i>Caiteachas Ilghnéitheach</i>	8,079	7,976
	179,881	168,138
<i>Deontais agus Tionscadail Taighde</i>	60,525	67,086
IOMLÁN	240,406	235,224
(Easnamh) don bhliain	(5,124)	(1,511)



WWW.TCD.IE